ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le dleacht stampa a fhorchur, ar an gcéad dul síos, ar an luach saothair a fhaigheann institiúid airgeadais ó chuideachta bainistíochta ar iontaobhais aonad chun seirbhísí margaíochta a sholáthar chun críocha ranníocaíochtaí caipitil nua chun scaireanna nua-eisithe i gcistí a shuibscríobh agus, ar an dara dul síos, ar na méideanna a fhaigheann an chuideachta bainistíochta sin ó iontaobhais aonad sa mhéid go n-áirítear leis na méideanna sin an luach saothair a d'íoc an chuideachta bainistíochta sin le hinstitiúidí airgeadais i leith na seirbhísí margaíochta sin.

([1]) IO C 37, 24.01.2022

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Fhrainc) – Syndicat Les Entreprises du Médicament (LEEM) v Ministre des Solidarités et de la Santé**

**(Cás C-20/22)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Treoir 89/105/CEE – Trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsáil táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus iad a chuimsiú faoi raon feidhme córais náisiúnta árachais breoiteachta – Airteagal 4 – Cúngach praghsanna ar gach táirge íocshláinte nó ar chatagóirí áirithe táirgí íocshláinte – Beart náisiúnta a bhaineann le táirgí íocshláinte aonair áirithe – Praghas uasta a shocrú chun táirgí áirithe íocshláinte a dhíol le bunaíochtaí sláinte)***

(2023/C 63/11)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Syndicat Les Entreprises du Médicament (LEEM)

*Cosantóir:* Ministre des Solidarités et de la Santé

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 4(1) de Threoir 89/105/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le trédhearcacht na mbeart lena rialaítear praghsáil táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus maidir lena gcuimsiú faoi raon feidhme córais náisiúnta árachais breoiteachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl feidhm ag an gcoincheap "cúngach praghsanna ar gach táirge íocshláinte nó ar chatagóirí áirithe táirgí íocshláinte" maidir le beart arb é an cuspóir atá leis praghsanna táirgí íocshláinte aonair áirithe a rialú.

([1]) IO C 119 an 14.03.2022

---